BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Seachtú Dlísheomra)

21 Samhain 2024*

Clár

I. An dlí lena mbaineann . . . 3

A. Na Rialacháin Foirne . . . 3

B. Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh . . . 5

C. An Creat-Chomhaontú . . . 5

D. Treoir 2002/14/CE . . . 6

II. Cúlra na díospóide . . . 6

III. An nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta agus rialú á thabhairt aici ar an tarchur agus ar an mbreithiúnas atá faoi achomharc . . . 8

IV. An t-ordú atá á lorg . . . 9

V. An t-achomharc . . . 9

A. An chéad saincheist dlí . . . 10

1. Argóintí na bpáirtithe . . . 10

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais . . . 11

(a) Inghlacthacht . . . 11

(b) Substaint an cháis . . . 11

B. An dara saincheist dlí . . . 13

1. Argóintí na bpáirtithe . . . 13

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais . . . 15

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

(a) Inghlacthacht . . . 15

(b) Substaint an cháis . . . 15

C. An tríú saincheist dlí . . . 16

1. Argóintí na bpáirtithe . . . 16

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais . . . 19

(a) Inghlacthacht . . . 19

(b) Substaint an cháis . . . 19

(1) An chéad chuid . . . 19

(2) An dara cuid . . . 21

(3) An tríú cuid . . . 22

(4) An ceathrú cuid . . . 23

(5) An cúigiú cuid . . . 24

D. An ceathrú saincheist dlí . . . 25

1. Argóintí na bpáirtithe . . . 25

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais . . . 26

E. An t-iarratas chun cúiteamh a ghnóthú . . . 26

1. Argóintí na bpáirtithe . . . 26

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais . . . 26

Costais . . . 27

(Achomharc – Státseirbhís – Foireann ar conradh – Conradh ar feadh tréimhse éiginnte – Foirceannadh an chonartha – Airteagal 47(c) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile an Aontais Eorpaigh – Neamhinniúlacht ghairmiúil – Iompar i mbun seirbhíse agus meon aigne san obair nach bhfuil comhoiriúnach le leas na seirbhíse – Oibleagáid cúiseanna a lua – Ceart chun éisteacht a fháil – Ceart chun saoire do thuismitheoirí – Airteagal 42a de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh)

I gCás C-546/23 P,

Achomharc de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 29 Lúnasa 2023,

UG, dá ndéanann M. Richard, avocat, ionadaíocht,

iarratasóir,

páirtí eile sna himeachtaí:

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann I. Melo Sampaio agus A. Sauka ionadaíocht i dtosach, i gcáil Gníomhairí, dá ndéanann A. Sauka ionadaíocht ina dhiaidh sin, i gcáil Gníomhaire,

cosantóir ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta de F. Biltgen, Uachtarán an Chéad Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Seachtú Dlísheomra, L. Arastey Sahún (Rapóirtéir), Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, agus J. Passer, Breitheamh,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena hachomharc, iarrann UG go gcuirfí ar neamhní breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 21 Meitheamh 2023, *UG* v *an Coimisiún* (T-571/17 RENV, ‘an breithiúnas atá faoi achomharc’, EU:T:2023:351), lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don achomharc, ar an gcéad dul síos, maidir le neamhniú chinneadh an 17 Deireadh Fómhair 2016 lena ndearna an Coimisiún Eorpach a conradh fostaíochta a fhoirceannadh (‘an cinneadh atá faoi chonspóid’) agus, ar an dara dul síos, maidir le cúiteamh as an damáiste ábhartha agus neamhábhartha a bhain do UG mar thoradh ar an gcinneadh sin.

I. An dlí lena mbaineann

A. Na Rialacháin Foirne

2 Foráiltear le hAirteagal 42a de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ‘na Rialacháin’, sa leagan atá infheidhme i leith fhorais an cháis:

‘Beidh oifigeach i dteideal suas le sé mhí a thógáil ar saoire do thuismitheoirí gan bhuntuarastal i gcás gach linbh, ar saoire í a bheidh le tógáil i gcaitheamh an chéad dá bhliain déag ón uair a shaolófar an leanbh nó ón uair a uchtófar é. […]’

3 Faoi Airteagal 47 de na Rialacháin Foirne:

‘Cuirfear deireadh le seirbhísí mar seo a leanas:

[...]

(d) dífhostú mar gheall ar neamhinniúlacht ghairmiúil;

[...]

4 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 51 de na Rialacháin Foirne:

‘1. Saineoidh údarás ceapacháin gach institiúide nósanna imeachta lena ndéanfar cásanna neamhinniúlachta a shainaithint, lena ndéileálfar leo agus lena ndéanfar iad a leigheas go tráthúil agus ar bhealach iomchuí.

Agus forálacha inmheánacha á nglacadh aige, déanfaidh údarás ceapacháin gach institiúide na ceanglais seo a leanas a urramú:

(a) maidir le hoifigeach nach ndéanann, ar bhonn trí thuarascáil bhliantúla mhíshásúla as a chéile amhail dá dtagraítear in Airteagal 43, aon dul chun cinn a léiriú fós ina inniúlacht ghairmiúil, déanfar é a íosghrádú aon ghrád amháin. Má léirítear feidhmíocht mhíshásúil fós sa dá thuarascáil bhliantúla ina dhiaidh sin, brisfear an t-oifigeach as a phost;

(b) aon mholadh a dhéanfar oifigeach a íosghrádú nó a bhriseadh as a phost, leagfar amach sa mholadh sin na cúiseanna atá leis agus cuirfear iad sin in iúl don oifigeach lena mbaineann. Cuirfear an moladh ón údarás ceapacháin faoi bhráid an Chomhchoiste Chomhairligh dá bhforáiltear in Airteagal 9(6).

2. Beidh sé de cheart ag an oifigeach a chomhad pearsanta iomlán a fháil agus cóipeanna de na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta a thógáil leis. Beidh 15 lá, ar a laghad, aige, ach ní bheidh níos mó ná 30 lá aige, ón dáta a bhfaighidh sé an moladh chun cás a chur le chéile. Féadfaidh sé cúnamh a fháil ó dhuine a roghnóidh sé féin. Féadfaidh an t-oifigeach barúlacha a chur isteach i scríbhinn. Tabharfaidh an Comhchoiste Comhairleach éisteacht dó. Féadfaidh an t-oifigeach glaoch ar fhinnéithe freisin.

[...]’

5 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 60 de na Rialacháin Foirne:

‘Seachas i gcás tinnis nó timpiste, níl cead ag oifigeach a bheith as láthair gan údarú a fháil roimh ré óna gharoifigeach uachtarach. Gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha na bhforálacha dá bhforáiltear san ábhar araíonachta arna suíomh go cuí, déanfar gach neamhláithreacht neamhúdaraithe a asbhaint as saoire bhliantúil an duine lena mbaineann. I gcás ídiú na saoire sin, forghéillfidh siad a luach saothair don tréimhse chomhfhreagrach.

[...]’

6 Foráiltear mar seo a leanas leis an séú fomhír d'Airteagal 1 d'Iarscríbhinn II de na Rialachán Foirne:

'Measfar gur cuid de na seirbhísí a cheanglaítear orthu a sholáthar ina n-institiúid iad na dualgais a dhéanann comhaltaí an Choiste Foirne agus oifigigh a shuíonn mar thoscairí den Choiste i gcomhlacht reachtúil nó arna bhunú ag an institiúid agus gur cuid de na seirbhísí a cheanglaítear orthu a sholáthar ina n-institiúid iad. Ní chuirfear an duine lena mbaineann faoi aon dochar mar gheall ar fheidhmiú a fheidhmeanna.'

7 Luaitear an méid seo a leanas le hAirteagal 9(1)(h) d'Iarscríbhinn IX de na Rialacháin Foirne:

'Féadfaidh an t-údarás ceapacháin ceann de na pionóis seo a leanas a fhorchur:

[...]

(h) cúlghairm, más fheidhme, le laghdú *pro tempore* ar an bpinsin ná ráthaíocht, ar feadh téarma seasta, ar mhéid an sochair mhíthreoraigh, gan na daoine siúd a bhfuil ceart na n-oifigeach acu a chumhdach leis an bpionós sin. I gcás ina ndéanfar laghdú den sórt sin, ní féidir ioncam an iar-oifigigh, áfach, a bheith níos lú ná an t-íosmhéid maireachtála dá bhforáiltear in Airteagal 6 d'Iarscríbhinn VIII de na Rialacháin seo, agus aon liúntais teaghlaigh is iníoctha á gcur leis.'

B. Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh

8 Léitear Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, sa leagan is infheidhme i leith fhorais an cháis, mar seo a leanas:

'Seachas i gcás scoir de bharr a mbáis, tiocfaidh deireadh le fostaíocht comhalta den fhoireann shealadach:

[...]

(c) i gcás conartha go ceann tréimhse éiginnte:
(i) ag deireadh na tréimhse fógra a shonraítear sa chonradh; ní giorra an tréimhse fógra ná mí in aghaidh na bliana seirbhíse a comhlíonadh, faoi réir íostréimhse trí mhí agus uastréimhse 10 mí. Ní thosóidh an tréimhse fógra, áfach, le linn an toirchis má dheimhnítear le teastas liachta é, le linn saoire máithreachais nó le linn saoire breoiteachta, ar choinníoll nach faide ná trí mhí saoire bhreoiteachta den sórt sin. Thairis sin, cuirfear ar fionraí í le linn toirchis má dheimhnítear le teastas liachta é, le linn saoire máithreachais nó le linn saoire breoiteachta faoi réir na dteorainneacha réamhluaite.

[...]'

C. An Creat-Chomhaontú

9 Foráladh le Clásal 5(4) den Chreat-Chomhaontú athbhreithnithe maidir le saoire do thuismitheoirí, arna thabhairt i gcrích an 18 Meitheamh 2009, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2010/18/AE ón gComhairle an 8 Márta 2010 lena gcuirtear chun feidhme an

Creat-Chomhaontú athbhreithnithe maidir le saoire do thuismitheoirí arna thabhairt i gcrích ag BUSINESSEUROPE, UEAPME, CEEP agus ETUC agus lena n-aisghairtear Treoir 96/34/CE (IO 2010 L 68, lch. 13) ('an Creat-Chomhaontú'):

'Lena chinntiú gur féidir le hoibrithe tairbhe a bhaint as a gceart chun saoire do thuismitheoirí, glacann na Ballstáit agus/nó na comhpháirtithe sóisialta na bearta is gá chun na hoibreoirí a chosaint ar chóir is lú fábhar nó ar dhífhostú mar thoradh ar iarradh nó glacadh saoire do thuismitheoirí, i gcomhréir leis an reachtaíocht, leis na comhaontuithe cómhargála agus/nó leis an gcleachtas náisiúnta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

D. Treoir 2002/14/CE

10 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 7 de Threoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (IO 2002 L 80, lch. 29).

'Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil cosaint agus coimircí leordhóthanacha ag ionadaithe oibrithe, i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, lena gceadaítear dóibh na cúraimí a leagadh orthu a dhéanamh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

II. Cúlra na díospóide

11 Rinneadh cúlra na díospóide a leagan amach i míreanna 2 go 19 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Chun críocha an nós imeachta seo, d'fhéadfaí an achoimre seo a leanas a thabhairt air.

12 An 20 Márta 2007, d'earcaigh an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht i Lucsamburg (OIL) de chuid an Choimisiúin UG i gcáil mar ghníomhaire ar conradh, i gcomhréir le hAirteagal 3a(a) de CEOS, d'fhonn a feidhmeanna mar oideoir san Ionad Luath-Óige a chur i gcrích ar feadh tréimhse sheasta ón 1 Aibreán 2007 go dtí an 31 Márta 2009.

13 An 25 Feabhra 2009, cuireadh síneadh le conradh UG go dtí an 31 Márta 2010.

14 An 5 Feabhra 2010, cuireadh síneadh leis an gconradh sin go ceann tréimhse neamhchinntithe ama, le héifeacht ón 1 Aibreán 2010.

15 Ón 16 Samhain 2011 go dtí an 1 Aibreán 2014, díolmhaíodh UG óna feidhmeanna mar oideoir i méid suas le 50 % den am oibre, agus í á chur san áireamh go raibh sainordú leath-ama ceardchumainn aige le ceardchumann.

16 An 13 Bealtaine 2014, toghadh UG ar Choiste Foirne Áitiúil Lucsamburg (Lucsamburg) agus ceapadh í ina Comhalta den Lárchoiste Foirne sa Bhruiséil (an Bheilg) (agus iad á nglacadh le chéile, 'na coiste foirne').

17 An 8 Aibreán 2016, bhunaigh an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích tuarascáil mheasúnaithe de chuid UG sa bhliain 2015 ('Tuarascáil Mheasúnaithe 2015') ar dá réir nach ndearnadh leibhéal foriomlán a sochar a mheas a bheith leordhóthanach don tréimhse ón 1 Feabhra go dtí an 31 Nollaig 2015.

18 An 15 Iúil 2016, cuireadh UG ar saoire do thuismitheoirí, arna iarraidh sin, go dtí an 14 Samhain 2016.

19 Le litir arna dátú an 8 Meán Fómhair 2016 ('litir an 8 Meán Fómhair 2016'), chuir an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích in iúl do UG go raibh sé ar intinn aige a conradh a fhoircheannadh de bhun Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, mar thoradh ar chineál míshásúil a leibhéil sochair agus a iompair agus í i mbun seirbhíse ó 2013 ar aghaidh.

20 Le litir arna dátú an 30 Meán Fómhair 2016, chuir an t-iarratasóir i gcoinne na gcúiseanna arna gcur in iúl ag an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích le litir arna dátú an 8 Meán Fómhair 2016.

21 An 17 Deireadh Fómhair 2016, ghlac an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an cinneadh atá faoi chonspóid, lena ndearna sí conradh UG a fhoircheannadh ar bhonn Airteagal 47(c) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, le héifeacht ó 31 Iúil 2017, agus fógra naoi mí ón 1 Samhain 2016 á chur san áireamh.

22 An 29 Samhain 2016, chinn an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích tús an fhógartha sin ar deireadh an 21 Samhain 2016 agus deireadh an chonartha sin ar an 20 Lúnasa 2017.

23 Ar iarratas ó UG, arna dhátú an 16 Nollaig 2016, cuireadh síneadh ama lena saoire do thuismitheoirí go dtí an 20 Lúnasa 2017.

24 An 17 Eanáir 2017, faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin, chuir UG gearán isteach i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid.

25 An 18 Bealtaine 2017, dhiúltaigh an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích don ghearán sin.

26 Le hiarratas arna thaisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 22 Lúnasa 2017, thug an t-iarratasóir caingean lenar iarradh, *inter alia*, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus cúiteamh ar an damáiste ábhartha agus neamhábhartha a éilíonn sí a bheith fulaingthe aici mar thoradh ar an gcinneadh sin.

27 Le breithiúnas an 2 Aibreán 2020, U*G* v *an Coimisiún* (T-571/17, 'an breithiúnas tosaigh', EU:T:2020:141), rinne an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus, ar an dara dul síos, thug sé cuireadh do na páirtithe é a sheoladh, laistigh de thrí mhí, an méid a socraíodh de thoil a chéile den chúiteamh airgid a bhaineann le neamhdhleathacht an chinnidh sin, nó, in éagmais comhaontú, a n-éilimh chainníochtaithe maidir leis an méid sin, ar an tríú dul síos, dhiúltaigh sí don chuid eile den ordú atá á lorg agus, ar an gceathrú dul síos, rinne sí na costais a fhorchoimeád.

28 Le hOrdú an 13 Samhain 2020, *UG* v *an Coimisiún* (T-571/17, EU:T:2020:553), chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, nach raibh aon ghá a thuilleadh breithniú a dhéanamh ar an gcúiteamh airgeadaíochta a théann leis an gcinneadh atá faoi chonspóid agus, ar an dara dul síos, thug sí ordú don Choimisiún a chostais féin, agus na costais arna dtabhú ag UG, a íoc agus thug sí ordú do UG leath dá costais féin a íoc chomh maith.

29 Le breithiúnas an 25 Samhain 2021, *an Coimisiún* v *UG* (C-249/20 P,'an breithiúnas achomhairc', EU:C:2021:964), chuir an Chúirt Bhreithiúnais an breithiúnas tosaigh ar neamhní, ar an gcéad dul síos, sa mhéid go ndearnadh leis an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus, ar an dara dul síos, gur cinneadh leis go raibh ann do neamhdhleathacht a d'fhéadfadh a chur faoi dhliteanas an Choimisiúin agus ar an tríú dul síos, gur dhiúltaigh sí iarratas UG maidir leis an damáiste neamhábhartha a chúiteamh mar a bheith do-ghlactha.

30 I mír 27 den bhreithiúnas achomhairc, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go ndearna an Chúirt Ghinearálta ábhar litir an 8 Meán Fómhair 2016 a shaobhadh go follasach trína chinneadh, i míreanna 64, 70 agus 71 den bhreithiúnas tosaigh, gur cháin an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích UG ós rud é nach ndearna sí na cuspóirí a sannadh uirthi le Tuarascáil Mheasúnaithe 2015 a chomhlíonadh laistigh de 3 mhí.

31 Thairis sin, i mír 38 den bhreithiúnas achomhairc, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, mar is léir ó mhíreanna 70 agus 71 den bhreithiúnas tosaigh, bhí na cúraimí a iarradh ar UG deartha agus cuireadh síos orthu mar chúraimí ar feadh tréimhse áirithe ama, ní dhearna an Chúirt Ghinearálta an fáth gur mheas sí nach raibh sé réasúnta a cheangal ar UG tábla maidir leis na gníomhaíochtaí oideachais a bhunú laistigh de thréimhse 3 mhí.

32 Sna himthosca sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i mír 39 den bhreithiúnas achomhairc, gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta a hoibleagáid cúiseanna a lua a chomhlíonadh, ós rud é nárbh fhéidir le forais an bhreithiúnais tosaigh a thuiscint, cé go hintuigthe, cén fáth ar mheas an Chúirt Ghinearálta go raibh an tréimhse 3 mhí a deonaíodh do UG chun tábla na ngníomhaíochtaí oideachais a tharraingt suas róghearr.

33 Ina fhianaise sin, rinne an Chúirt Bhreithiúnais an cás a tharchur ar ais chuig an Chúirt Ghinearálta agus rinne sí na costais a fhorchoimeád.

III. An nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta agus rialú á thabhairt aici ar an tarchur agus ar an mbreithiúnas atá faoi achomharc

34 Chun bunús a thabhairt dá torthaí maidir le neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid, arna léiriú i gcomhthéacs Chás T-571/17 RENV, mhaígh UG, go bunúsach, seacht saincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, easpa réasúnaíochta, ar an dara dul síos, sárú ar Airteagal 51 de na Rialacháin Foirne agus ar an gceart chun éisteacht a fháil, ar an tríú dul síos, earráidí dlí i ndáil leis an gceart chun saoire do thuismitheoirí agus ar cheart na n-oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo, ar an gceathrú dul síos, roinnt earráidí follasacha measúnaithe agus earráidí fíorasacha, ar an gcúigiú dul síos, sárú ar phrionsabal na comhréireachta, ar an séú dul síos, sárú ar an nós imeachta araíonachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IX de na Rialacháin Foirne agus, ar an seachtú dul síos, mí-úsáid cumhachtaí.

35 Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do na saincheisteanna dlí sin go léir toisc iad a bheith gan bhunús.

36 Thairis sin, rinne an Chúirt Ghinearálta cinneadh maidir le héilimh an iarratasóra ar chúiteamh lenar iarradh ar an gCoimisiún, ar an gcéad dul síos, cúiteamh don phá a baineadh di ó dháta teacht i bhfeidhm an dífhostaithe agus, ar an dara dul síos, cúiteamh as an damáiste neamhábhartha agus an íde tháireach agus idirdhealaitheach a rinneadh uirthi mar thoradh ar a gníomhaíochtaí ceardchumainn agus ar an gcaoi gur ghlac sí saoire do thuismitheoirí.

37 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nár bhraith an t-achomharcóir, mar thaca lena héileamh ar chúiteamh, ar chinn neamhdhleathachta a bhí éagsúil leis na cinn a chuir sí ar aghaidh mar thaca lena héileamh go ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú. Sna himthosca sin agus ós rud é gur diúltaíodh do na héilimh le haghaidh neamhní toisc iad a bheith gan bhunús, chinn an Chúirt Ghinearálta gur cheart diúltú don éileamh ar chúiteamh freisin, gan aon ghá a bheith ann rialú a thabhairt ar a n-inghlacthacht.

38 Dá réir sin, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta an chaingean arna tabhairt ag UG ina hiomláine.

IV. An t-ordú atá á lorg

39 Lena hachomharc, iarrann UG ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi chonspóid, a mhéid a chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh bunús maith lena dífhostú agus d'ordaigh sí di trian de chostais agus de chaiteachais an Choimisiúin a íoc, a chur ar neamhní,

– trí easghairm, suim EUR 68 000 a dhámhachtain di i leith a damáiste ábhartha;

– suim EUR 40 000 a dhámhachtain di i ndáil le damáiste neamhábhartha;

– a ordú don Choimisiún na costais agus na speansais uile a aisíoc, chomh maith le táillí na ndlíodóirí sa chaingean reatha, arna measúnú go sealadach ag EUR 10 000, faoi réir méadú, agus

– a ordú don Choimisiún na costais agus na speansais uile agus táillí na ndlíodóirí a aisíoc i dtaca leis an gcaingean reatha, arna measúnú ag EUR 30 000.

40 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhiúltú agus

– a ordú do UG na costais a íoc.

V. An t-achomharc

41 Mar thaca lena hiarratas go gcuirfí an breithiúnas faoi achomharc ar neamhní, maíonn UG, go bunúsach, ceithre saincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, sárú ar an gcosaint maidir le saoire do thuismitheoirí, ar an dara dul síos, sárú ar an gcosaint d'ionadaithe oibrithe, ar an tríú dul síos, earráidí follasacha measúnaithe agus, ar an gceathrú dul síos, sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

A. An chéad saincheist dlí

1. Argóintí na bpáirtithe

42 Maíonn UG go ndearna an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 92 agus 93 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, idirdhealú míréasúnta idir, ar an gcéad dul síos, glacadh an chinnidh maidir le dífhostú le linn na saoire do thuismitheoirí agus, ar an dara dul síos, teacht i bhfeidhm an chinnidh sin tráth a cuireadh an duine lena mbaineann ar tús lena saoire do thuismitheoirí, chun a dhearbhú, go mícheart nach mbeadh glacadh an chinnidh atá faoi chonspóid tráth a cuireadh tús lena saoire do thuismitheoirí ina sárú ar Airteagal 42a de na Rialacháin Foirne, arna léamh i bhfianaise na n-íoscheanglas atá i gClásal 5(4) den Chreat-Chomhaontú.

43 Dar le UG, d'fhág an cinneadh atá faoi chonspóid nach ndeachaigh sí i mbun oibre arís mar gheall ar a saoire do thuismitheoirí, rud lenar taispeánadh gurb ionann dífhostú duine le linn na saoire do thuismitheoirí agus sárú ar an gcosaint dá bhforáiltear i gClásal 5(4) den Chreat-Chomhaontú agus an oibleagáid atá ar an bhfostaí post an tseirbhísigh a bhfuil an tsaoire sin á glacadh aige a choinneáil.

44 Maíonn UG nach mór Airteagail 47 agus 51 de na Rialacháin, Airteagal 9(1)(h) d'Iarscríbhinn IX de na Rialacháin agus Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a léiriú ar bhealach atá comhréireach le forálacha an Chreat-Chomhaontaithe agus Airteagal 33(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), is é sin, sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar dhífhostú ar feadh tréimhse na saoire do thuismitheoirí.

45 Thairis sin, bheadh sé in aghaidh na gceanglas maidir le cosaint ar dhífhostú a bhaineann le saoire do thuismitheoirí caitheamh le neamhinniúlacht ghairmiúil mar chion araíonachta tromchúiseach, mar a rinne an Chúirt Ghinearálta i mír 109 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

46 Maidir le mír 112 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, maíonn UG gur eisceachtúil an cás go luann an fostóir, sa litir lena gcuirtear in iúl go bhfuiltear chun an fostaí a bhriseadh as a phost, an nasc idir an dífhostú agus saoire do thuismitheoirí an fostaí sin.

47 Sa mhéid go bhfuil sé soiléir ó ghnéithe iomadúla den chomhad sa chás seo gurbh é glacadh saoire do thuismitheoirí ag UG an chúis cheart lena dífhostú, chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart, i mír 144 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, nach bhféadfadh neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid a bheith mar thoradh ar an neamhdhleathacht a sainaithníodh i mír 142 den bhreithiúnas sin.

48 Sa chás seo, is ionann dífhostú UG agus mí-úsáid cumhachtaí ag an gCoimisiún, ós rud é, ar chúis dífhostaithe atá nasctha le neamhinniúlacht ghairmiúil, gur ghearr an institiúid sin pionós ar UG as a saoire do thuismitheoirí a thógáil ag tréimhse nach raibh oiriúnach don Choimisiún.

49 Dá bhrí sin, dhéanfadh an cinneadh atá faoi chonspóid idirdhealú i ndáil le glacadh saoire do thuismitheoirí, arna dhéanamh de shárú ar Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('CECD'), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún sin agus le hAirteagal 1 de Phrótacal Uimh. 12 de, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 2000.

50 Freagraíonn an Coimisiún go bhfuil an chéad saincheist dlí san achomharc do-ghlactha sa mhéid go bhfuil sé de chuspóir aici measúnú foriomlán nua ar an gcás a fháil agus, in aon chás, gan bhunús.

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais

(a) Inghlacthacht

51 Maidir leis an bpléadáil maidir le do-ghlacthacht arna tabhairt ag an gCoimisiún sa chéad fhoras achomhairc, ní mór a mheabhrú go leanann sé ó Airteagal 256 CFAE, an chéad fhomhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ó Airteagal 168(1)(d) agus Airteagal 169 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte go gcaithfear a chur in iúl go beacht in achomharc na míreanna a ndéantar cáineadh orthu sa bhreithiúnas nó san ordú a n-iarrtar a chur ar neamhní, agus na hargóintí dlíthiúla lena dtacaítear go sonrach leis sin. De réir chásdlí socraithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní chomhlíontar an ceanglas sin le hachomharc nach ndéanann ach na saincheisteanna dlí agus na hargóintí a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta roimhe seo a atáirgeadh. Go deimhin, níl ina leithéid d'achomharc i ndáiríre ach iarratas ar ghnáth-athscrúdú ar an iarratas arna thíolacadh os comhair na Cúirte Ginearálta, rud nach dtagann faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2024, *Thunus agus páirtithe eile* v *BEI*, C-561/23 P, EU:C:2024:603, míreanna 22 agus 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Sa chás seo, is leor a thabhairt faoi deara, leis an gcéad saincheist dlí, déanann UG gearán, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta, earráidí dlí. I ndáil leis sin, cuireann UG in iúl arís agus arís eile na gnéithe den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus na hargóintí dlíthiúla a cuireadh chun cinn go sonrach chun tacú leis an iarratas go gcuirfí an breithiúnas sin ar ceal.

53 Sna himthosca sin, níor cheart a mheas gur do-ghlactha é an chéad saincheist dlí.

(b) Substaint an cháis

54 Mar réamhbharúil, is fiú a thabhairt faoi deara go ndearna an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 90 go 114 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, grinnscrúdú ar fhiúntas ghearán UG, ag maíomh, go bunúsach, gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 42a de na Rialacháin Foirne, arna léamh i bhfianaise na n-íoscheanglas atá i gClásal 5(4) den Chreat-Chomhaontú, ós rud é go ndearna sé an t-iarratasóir a bhriseadh as a post le linn a saoire do thuismitheoirí.

55 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 97 go 112 den bhreithiúnas seo, nach gcuirtear cosc le hAirteagal 42a de na Rialacháin ar an údarás inniúil cinneadh a ghlacadh lena ndéantar oifigeach a dhífhostú nó conradh fostaíochta comhalta den chonradh nó den fhoireann shealadach a fhoirceannadh, cé go bhfuil an ball foirne sin, ar dháta an chinnidh sin, ar shaoire do thuismitheoirí agus, i bprionsabal, in ann filleadh ar an bpost sin nó ar a dhualgais ag deireadh na saoire sin.

56 Maidir le Clásal 5(4) den Chreat-Chomhaontú, dá dtagraíonn UG, mheas an Chúirt Ghinearálta, i mír 111 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, d'fhonn a áirithiú gur féidir le hoibrithe a gceart chun saoire do thuismitheoirí a fheidhmiú go héifeachtach, go gceanglaítear leis an gclásal sin na bearta is gá a dhéanamh chun oibrithe a chosaint ar chóir is lú fábhar nó ar dhífhostú mar gheall ar

an iarratas ar shaoire do thuismitheoirí nó ar ghlacadh na saoire sin. I ndáil leis sin, bhí an Chúirt Ghinearálta ag brath ar bhreithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Lyreco Belgium* (C-588/12, EU:C:2014:99, mír 34).

57 Dá bhri sin, i mír 112 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh sé de chuspóir nó d'éifeacht ag an gclásal sin cosc a chur ar fhostóir a chinneadh go ndéanfaí oibrí a bhriseadh as a phost, cé go bhfuil tairbhe á bhaint ag an duine sin as saoire do thuismitheoirí ar dháta an chinnidh sin, ar choinníoll nach mbeadh iarratas ar an saoire sin nó glacadh na saoire sin mar chúis leis an dífhostú sin agus go n-urramófaí na coinníollacha eile dá bhforáiltear leis an dlí nó leis an reachtaíocht is infheidhme.

58 Leanann ó Airteagal 47 de CEOS, mar is léir ó mhír 101 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhforáiltear leis an Airteagal sin d'aon fhorchoimeádas ná d'aon mhaolú a bhaineann leis an mball foirne lena mbaineann a chur ar saoire do thuismitheoirí.

59 I míreanna 115 go 146 den bhreithiúnas sin, rinne an Chúirt Ghinearálta grinnscrúdú ar an ngearán arna thabhairt ag UG, inar maíodh gur sáraíodh Airteagal 42a den Reacht leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, arna léamh i bhfianaise na n-íoscheanglas atá i gClásal 5(4) den Chreat-Chomhaontú, mar thoradh ar a hiarratas ar shaoire do thuismitheoirí.

60 Mar is léir ó mhír 122 den bhreithiúnas sin, cuirtear cosc le hAirteagal 42a de na Rialacháin, arna léamh i bhfianaise na n-íoscheanglas atá i gClásal 5(4), ar an údarás inniúil, oifigeach nó gníomhaire a bhriseadh as a phost toisc é a bheith neamhinniúil mar thoradh ar iarratas ar shaoire do thuismitheoirí, go háirithe ar fhorais a bhaineann leis na dátaí tosaigh agus le deireadh thréimhse na saoire sin nó le fad na saoire arna lorg san iarratas sin.

61 I mír 142 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, mheas an Chúirt Ghinearálta dá gceadófaí don údarás atá údaraithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích diúltú don iarratas ar shaoire do thuismitheoirí arna thabhairt ag UG ar an bhforas go raibh na dátaí beartaithe maidir le fad thréimhse na saoire sin ar neamhréir le riachtanais na seirbhíse, ní bheadh an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích in ann dátaí na saoire do thuismitheoirí arna lorg a mhaíomh mar a bheith ar cheann de na cúiseanna leis an dífhostú mar gheall ar neamhinniúlacht ghairmiúil, gan sárú a dhéanamh ar fhorálacha Airteagal 42a de na Rialacháin Foirne arna léamh i gcomhar leis na híoscheanglais i gClásal 5(4) den Chreat-Chomhaontú.

62 Tar éis di a mheas, ar an gcúis a luaitear sa mhír roimhe seo, arb é sin neamhdhleathacht an chinnidh atá faoi chonspóid, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 144 go 146 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh an measúnú foriomlán ar neamhinniúlacht ghairmiúil UG bunaithe ar roinnt cúiseanna, rud a bhí éagsúil ón bhforas maidir leis na dátaí a roghnaigh sí ina hiarratas ar shaoire do thuismitheoirí. Sna himthosca sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nach bhféadfadh neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid a bheith mar thoradh ar an neamhdhleathacht sin.

63 Ní mór a thabhairt faoi deara, leis an gcéad saincheist dlí san achomharc, nár léirigh UG go bhfuil na breithnithe a leagtar amach i míreanna 53 go 61 den bhreithiúnas seo curtha ó bhail mar gheall ar earráidí dlí.

64 A mhéid a bhaineann le breithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Lyreco Belgium* (C-588/12, EU:C:2014:99), ar ar bhunaigh an Chúirt Ghinearálta a réasúnaíocht, nár cheart é a mheas mar chosc a chur, ar bhealach daingean, ar oibrí a bhaineann tairbhe as saoire do thuismitheoirí a dhífhostú, ach ní mór é a thuiscint mar thoirmeasc ar dhífhostú den chineál sin a leagan amach gan aon chúis throm nó leordhóthanach. Mar sin, cuirtear cosc leis an mbreithiúnas seo ar dhífhostú mar thoradh ar iarraidh nó glacadh saoire do thuismitheoirí.

65 Os a choinne sin, le breithiúnas an 20 Meitheamh 2013, *Riežniece* (C-7/12, EU:C:2013:410, míreanna 34 agus 35), chinn an Chúirt Bhreithiúnais, mar a leagadh amach i gClásal 2(4) den Chreat-Chomhaontú maidir le Saoire do Thuismitheoirí, arna thabhairt i gcrích an 14 Nollaig 1995 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/34/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 1996 maidir leis an gCreat-Chomhaontú maidir le Saoire do Thuismitheoirí arna thabhairt i gcrích ag Cónaidhm na nGnóthas Eorpach, CEEP agus ETUC (IO L 145, lch. 4), arna leasú le Treoir 97/75 ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 (IO 1998 L 10, lch. 24), ba cheart cosaint leormhaith a thabhairt do gach oibrí ar dhífhostú ‘mar thoradh’ ar iarraidh nó glacadh saoire do thuismitheoirí agus nár cuireadh cosc leis an gclásal sin ar fhostaí oibrí a dhífhostú tar éis dó saoire do thuismitheoirí a ghlacadh, a mhéid nach raibh an dífhostú sin bunaithe ar iarraidh nó glacadh saoire do thuismitheoirí.

66 Sa chás seo, mar a meabhraíodh i mír 62 den bhreithiúnas seo, bheadh measúnú foriomlán ar neamhinniúlacht ghairmiúil UG ar roinnt cúiseanna, agus a bhí éagsúil ón bhforas a bhaineann leis na dátaí a roghnaigh sí chun a saoire do thuismitheoirí a thógáil.

67 Maidir le hargóint UG ar dá réir gur léir ó ghnéithe iomadúla den chomhad sa chás seo go raibh a saoire do thuismitheoirí bunaithe, i ndáiríre, ar a dífhostú, rud nár chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh, is leor a thabhairt faoi deara go n-iarrann UG i ndáiríre, leis an argóint sin, go ndéanfaí athbhreithniú ar argóint de chineál fíorasach a ardaíodh cheana féin os comhair na Cúirte Ginearálta. Ní mór diúltú don agóid sin toisc í a bheith do-ghlactha, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 51 den bhreithiúnas seo.

68 Leanann sé ón méid sin nach mór an chéad saincheist dlí a dhiúltú, i bpáirt, toisc í a bheith gan bhunús agus, i bpáirt, toisc í a bheith do-ghlactha.

B. An dara saincheist dlí

1. Argóintí na bpáirtithe

69 Leis an dara saincheist dlí, cáineann UG an Chúirt Ghinearálta as cinneadh a dhéanamh go mícheart, i míreanna 165 go 168 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach raibh an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar cháil UG mar chomhalta den Lárchoiste Foirne atá sa Bhruiséil agus de Choiste Foirne Áitiúil Lucsamburg, agus á aithint, sna cúiseanna leis an gcinneadh sin, gur cháin an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích UG as an mainneachtain leas na seirbhíse a chur san áireamh a gníomhaíochtaí a bhaineann lena sainordú mar ionadaí foirne in 2014 agus 2016 á bpleanáil aici.

70 I ndáil leis sin, d’fhéadfadh sé, ar an gcéad dul síos, go bhfágfaí gan chuspóir na híoscheanglais dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 2002/14 mar thoradh ar dhífhostú a thabhairt faoi cheist sa chás amháin go mbeadh sé bunaithe go sonrach ar a chineál mar ionadaí foirne agus, ar an dara

dul síos, éifeachtacht chosaint na n-ionadaithe foirne ar dhífhostú mar thoradh ar a bhfeidhmeanna ceardchumainn. Mar sin, is annamh don fhostóir, ar mian leis ionadaí foirne a chaitheamh i leataobh, a admháil go bhfuil sé *expressis verbis* ar fhorais a chinnidh dífhostaithe.

71 Mar sin féin, sa chás seo, luann an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích go sainráite, arís agus arís eile, an chaoi gur thug UG faoi ghníomhaíochtaí ceardchumainn, na samplaí a thugann UG i ndáil leis sin lena léirítear idirdhealú comhsheasmhach a d'fhulaing UG de bharr an gharoifigigh uachtaraigh.

72 Maidir leis an léiriú, arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 173 et seq den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir nach mór d'oifigeach nó seirbhíseach a bhfuil tairbhe á bhaint acu as iasacht mar gheall ar chúrsaí ceardchumainn níos airde ná 50 % den am oibre, i gcomhréir le hAirteagal 60 de na Rialachán Foirne, réamhúdarú a fháil óna gharoifigeach uachtarach agus chun bheith as láthair ón tseirbhís agus chun páirt a ghlacadh sna cruinnithe dár tugadh fógra dó chun freastal orthu de bhun a sainordaithe ceardchumainn nó a sainordaithe mar ionadaí foirne, bheadh an léiriú sin i gcoinne phrionsabal neamhspleáchas na gceardchumann agus prionsabal na coibhéise idir feidhmiú na bhfeidhmeanna ceardchumainn agus an post. Thairis sin, bheadh an léiriú sin ina idirdhealú freisin mar gheall ar fheidhmiú feidhmeanna ceardchumainn, a thoirmisctear le hAirteagal 14 CECD, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 11 den Choinbhinsiún sin.

73 B'ionann sin agus comhlíonadh fheidhmeanna ceardchumainn ionadaí na foirne a chur faoi réir leasanna na seirbhíse arna measúnú ag an ngaroifigeach uachtarach. Mar sin féin, is faoin ngaroifigeach uachtarach sin atá sé an obair a eagrú laistigh dá roinn, agus an chaoi go bhfuil feidhmeanna ceardchumainn á n-déanamh ag ball dá fhoirne agus nach mór don duine sin a dhóthain ama a chaitheamh air sin á cur san áireamh.

74 Dar le UG freisin, sa mhéid go ndearnadh a neamhláithreachtaí maidir le comhlíonadh a feidhmeanna ceardchumainn a leagan amach ina 'féilire pleanála', a raibh rochtain ag a garoifigeach uachtarach air, go raibh an Chúirt Ghinearálta mícheart a chinneadh, i mír 175 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhféadfadh an cinneadh atá faoi chonspóid, gan neamhaird a thabhairt ar íoscheanglais Airteagal 7 de Threoir 2002/14, a bheith bunaithe ar an bhforas nár chomhlíon UG an oibleagáid an duine freagrach a chur ar an eolas go tráthúil, roimh na cruinnithe ceardchumainn, faoina rannpháirtíocht sna cruinnithe sin, i gcás ina bhfuil foras mar sin bunaithe ar mhainneachtain UG coinníollacha eagrúcháin na seirbhíse is gá chun an sainordú a tugadh dó a urramú.

75 Bheadh an léiriú sin arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, ag teacht salach ar na híoscheanglais dá bhforáiltear le hAirteagal 7 de Threoir 2002/14 agus, ar an dara dul síos, le hAirteagal 12 den Chairt.

76 Freagraíonn an Coimisiún, go ndéanann UG agóid, leis an dara saincheist dlí, i gcoinne na bhfíoras mar a shuigh an Chúirt Ghinearálta iad gan, áfach, saobhadh ar na fíorais a mhaíomh ná a léiriú. Dá bhrí sin, tá an phléadáil seo do-ghlactha agus, ar aon chuma, gan bhunús.

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais

(a) Inghlacthacht

77 Maidir leis an bpléadáil maidir le do-ghlacthacht arna tabhairt ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an dara saincheist dlí san achomharc, is leor a thabhairt faoi deara go gearánann UG, leis an saincheist dlí sin, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráidí dlí. I ndáil leis sin, léiríonn UG arís agus arís eile na gnéithe den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus na hargóintí dlíthiúla a cuireadh chun cinn go sonrach chun tacú leis an iarratas go gcuirfí an breithiúnas sin ar ceal.

78 Sna himthosca sin, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 51 den bhreithiúnas sin, ní mór an dara saincheist dlí a mheas mar a bheith do-ghlactha.

(b) Substaint an cháis

79 I mír 164 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh sé soiléir ón réasúnaíocht is bonn leis an gcinneadh atá faoi chonspóid nó ó na doiciméid de chuid an chomhaid go raibh an cinneadh sin bunaithe ar stádas comhalta de choistí foirne UG amháin, beag beann ar chomhlíonadh a dualgas mar ionadaíocht foirne nó, ar bhonn níos leithne, ar a gníomhaíochtaí ceardchumainn. I mír 165 den bhreithiúnas sin, chuir an Chúirt Ghinearálta leis sin nach léir ón gcinneadh sin gur mheas an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích gurbh ionann an bealach inar chuir UG a feidhmeanna mar ionadaí foirne i gcrích, ar an dáta ar ar glacadh an cinneadh sin ná, ar bhonn níos leithne, a gníomhaíochtaí ceardchumainn, agus iompar lena bhféadfadh bunús a thabhairt d'fhoirceannadh a conartha mar gheall ar neamhinniúlacht ghairmiúil.

80 Maidir le hoifigeach nó seirbhíseach a bhaineann tairbhe as iasacht mar gheall ar chúrsaí ceardchumainn níos airde ná 50 % den am oibre, mheas an Chúirt Ghinearálta, i mír 173 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur cuireadh de cheangal ar oifigeach nó ar sheirbhíseach le hAirteagal 60 de na Rialacháin Foirne réamhúdarú a fháil óna gharoifigeach uachtarach chun bheith as láthair ón tseirbhís agus chun páirt a ghlacadh sna cruinnithe dár tugadh fógra dó chun freastal orthu de bhun a sainordaithe ceardchumainn nó a sainordaithe mar ionadaí foirne. Mar sin, níl an ceanglas sin maidir le réamhúdarú faoi réir maolú ach amháin i gcás tinnis nó timpiste, agus ní i gcás rannpháirtíocht in ionadaíocht an cheardchumainn foirne nó i gcruinnithe comhlachta ionadaíoch.

81 I mír 175 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta go bhféadfadh an cinneadh atá faoi chonspóid a bheith bunaithe ar an tsaincheist dlí lena n-éilítear gur mhainnigh UG a hoibleagáid a garoifigeach uachtarach a chur ar an eolas in am trátha, roimh chruinnithe na gCoistí Foirne a raibh sí ina comhalta díobh, faoina rannpháirtíocht sna cruinnithe sin, sa mhéid nach raibh an tsaincheist dlí sin bunaithe ar fheidhmiú a feidhmeanna mar ionadaí foirne, ach ar mhainneachtain UG coinníollacha eagrúcháin na seirbhíse is gá chun an sainordú a tugadh di a urramú.

82 Sa mhéid go gcuireann UG i gcoinne léiriú a ghlac an Chúirt Ghinearálta ar Airteagal 60 de na Rialacháin Foirne, sa dara saincheist dlí san achomharc, ní mór a mheabhrú, de réir bhrí na chéad abairte den Airteagal sin, ach amháin i gcás tinnis nó timpiste, nach féidir leis an oifigeach a bheith as láthair ón obair gan réamhúdarú a fháil óna garoifigeach uachtarach.

83 Ar an gcéad dul síos, déanann an Chúirt Ghinearálta tagairt, ina réasúnaíocht, don Airteagal sin, a bhaineann leis an gceanglas formheas a fháil ón ngaroifigeach uachtarach seachas dualgas an oifigigh uachtaraigh é a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is cúis le neamhláithreacht an oifigigh. De pháirt eile, i mír 174 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, déanann an Chúirt Ghinearálta tagairt d'Airteagal 7 de Chinneadh C(2011) 3588 final ón gCoimisiún, an 27 Bealtaine 2011, maidir leis na hacmhainní daonna agus airgeadais a dhámhtar ar Choiste Foirne an Choimisiúin, ar dá réir nach mór don duine lena mbaineann gach neamhláithreacht d'fhonn gníomhaíochtaí ceardchumainn a chur i gcrích a chur isteach i scríbhinn chuig a gharoifigeach uachtarach in am trátha.

84 D'fhonn a scrúdú an bhfuil an réiteach a glacadh sa bhreithiúnas atá faoi chonspóid i gcomhréir le dlí an Aontais, ní mór a mheabhrú, de bhun Airteagal 24b de na Rialachán Foirne, go bhfuil an ceart ag oifigigh dul i gcomhlachas agus is féidir leo, *inter alia*, a bheith ina gcomhaltaí de cheardchumainn agus comhlachais foirne d'oifigigh Eorpacha.

85 Thairis sin, mar is léir ón séú fomhír d'Airteagal 1 d'Iarscríbhinn II de na Rialacháin, ar an gcéad dul síos, measfar gur cuid de na seirbhísí a cheanglaítear orthu a sholáthar ina n-institiúid iad na dualgais a dhéanann comhaltaí an Choiste Foirne agus oifigigh a shuíonn mar thoscairí den choiste sin i gcomhlacht reachtúil nó arna bhunú ag an institiúid agus, ar an dara dul síos, ní fhéadfar aon dochar a dhéanamh don duine lena mbaineann mar thoradh ar chomhlíonadh na ndualgas sin.

86 Sa chás seo, ní raibh an foras le dífhostú UG a suíodh sa chinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar an toirmeasc ar UG páirt a ghlacadh i gcruinnithe de na coistí foirne, a raibh sí ina comhalta díobh, a d'fhéadfadh a bheith ina shárú ar a cearta faoi na Rialacháin Foirne. Bhain an foras sin, mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, leis an oibleagáid, arna sárú ag UG, a garoifigigh uachtaracha a chur ar an eolas in am trátha, roimh na cruinnithe sin, faoina rannpháirtíocht sna cruinnithe sin.

87 Beidh an oibleagáid sin gan dochar ar substaint na gceart atá ag oifigigh agus seirbhísigh eile dá bhforáiltear leis na Rialacháin Foirne sin.

88 Ós rud é nach bhfuil údar le hargóintí UG arna maíomh i gcomhthéacs an dara saincheist dlí, ní mór an tsaincheist dlí sin a dhiúltú toisc í a bheith gan bhunús.

C. An tríú saincheist dlí

1. Argóintí na bpáirtithe

89 Tá an tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe, foroinnte, go bunúsach, ina cúig chuid.

90 Leis an gcéad chuid, maíonn UG, ar an gcéad dul síos, trína chinneadh, i míreanna 187 go 190 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go bhfuil lánrogha leathan ag an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, agus nach féidir earráid a aicmiú mar 'follasach' ach amháin i gcás inar féidir í a thabhairt faoi deara go héasca, gur bhain an Chúirt Ghinearálta an bonn d'éifeachtacht an chirt chun rochtain a fháil ar an gceartas.

91 Is léir ó mheasúnú na Cúirte Ginearálta gur de chineál dochoiscthe í toimhde na dlíthiúlachta a ghabhann le gníomhartha an Choimisiúin, d'ainneoin cheanglas an chomhionannais arm.

92 Déanann UG gearán freisin nár ghéill an Chúirt Ghinearálta dá hiarraidh na bearta riachtanacha fiosrúcháin a ghlacadh.

93 Cuireann sí i láthair, i ndáil leis sin, gnéithe fíorasacha a thacaíonn, dar léi, leis an gconclúid go raibh an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar a saoire do thuismitheoirí a ghlacadh agus ar chomhlíonadh a feidhmeanna ceardchumainn.

94 Ar an dara dul síos, maidir le fad na láimhseála a rinne an Chúirt Ghinearálta ar an gcás seo, tugann UG faoi deara go raibh bliain amháin caite idir deireadh na coda i scríbhinn nó ó bhéal den nós imeachta agus tabhairt an bhreithiúnais atá faoi achomharc, gan aon bheart eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh le linn an nós imeachta sin. Is faide ná 6 bliana fad iomlán na n-imeachtaí uile atá i gceist, arb ionann é agus sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil ó bhinse laistigh de thréimhse réasúnach ama, a chumhdaítear in ECHR agus sa Chairt, agus ar chearta na cosanta.

95 Dá bhrí sin, iarrann UG ar an gCúirt iarmhairtí a tharraingt ó na sáruithe sin, go háirithe tríd an dualgas a bhaineann lena chruthú go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid neamhdhleathach a aisiompú.

96 I gcomhthéacs an dara cuid den tríú saincheist dlí, maíonn UG gur sáraíodh a ceart chun éisteacht a fháil, dá bhforáiltear le hAirteagal 51(2) de na Rialacháin.

97 Sa chás seo, ní raibh ach 8 lá ag UG chun a barúlacha a chur isteach chuig an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích sular glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid, rud nár ceadaíodh a cearta chun cosanta a ráthú.

98 I ndáil leis sin, ghlac an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 68 go 70 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, cur chuige de chineál foirmiúil i leith an chirt chun éisteacht a fháil gan gá a bheith ann go dtabharfadh an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an comhad a thabhairt isteach ar bhealach dáiríre.

99 Thairis sin, déanann UG gearán go ndearna an Chúirt Ghinearálta 'aisiompú' ar an dualgas cruthúnais trína chinneadh nár mhór do UG an fhianaise bhreise a chur ar fáil, in ainneoin nár iarr an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích uirthi sin a dhéanamh. I bhfianaise chineál mionsonraithe litir an 30 Meán Fómhair 2016, dá dtagraítear i mír 20 den bhreithiúnas seo, measann UG gur faoin údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích a bhí sé na doiciméid tacaíochta ábhartha a lorg.

100 Leis an tríú cuid den tríú saincheist dlí maíonn UG, rinne an Chúirt Ghinearálta léiriú róshriantach ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais, i mír 36 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, trína cinneadh nach gceanglaítear go leagtar amach sa ráiteas ar chúiseanna maidir le gníomhartha na n-institiúidí Eorpacha na gnéithe ábhartha dlíthiúla agus fíorasacha uile, a mhéid nach mór a mheas an gcomhlíonann na cúiseanna a luaitear le gníomh ceanglais Airteagal 296 CFAE ní hamháin maidir le foclaíocht na gcúiseanna, ach freisin a gcomhthéacs chomh maith leis na rialacha dlí uile lena rialaítear an t-ábhar lena mbaineann.

101 Mar sin, ba léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach gceanglaítear ar na hinstitiúidí sin gnéithe fíorasacha agus dlíthiúla ábhartha a shonrú sna cúiseanna a ghabhann lena ndoiciméid, ach amháin nach mór an ceanglas beachtais a fhoirmliú de réir chineál an bhirt atá faoi chonspóid.

102 Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, níor shainaithin an Chúirt Ghinearálta an leibhéal mionsonraithe a bhí ag teastáil maidir le cinneadh maidir le dífhostú, ag féachaint do chineál an bhirt sin, dá thionchar ar staid fostaíochta an tseolaí agus dá chumas agóid a dhéanamh i gcoinne na bhforas leis an dífhostú.

103 Ní féidir leis an gCoimisiún forais dhoiléire agus gan bhunús a thabhairt chun a chinneadh maidir le dífhostú a mhíniú, lena n-áirítear an ceart chun leighis éifeachtaigh agus na cosanta ar dhífhostú gan údar maith dá bhforáiltear in Airteagal 30 den Chairt, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt.

104 I ndáil leis sin, maíonn UG nach ndearna an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, sa chinneadh atá faoi chonspóid, ach líon an-mhór gearán a leagan amach ar bhealach doiléir, nach dtacaíonn fíricí beachta agus nithiúla leo.

105 Dá bhrí sin, bhí an Chúirt Ghinearálta mícheart a chinneadh, i mír 39 den bhreithiúnas faoi achomharc, gur thagair an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích do 20 imthoisc a sonraíodh i litir an 8 Meán Fómhair 2016, a bhain le hiompar UG sna blianta 2013 go 2016.

106 Níl aon sampla nithiúil d'iompar UG ná aon dáta d'iompar den sórt sin soiléir ón litir sin.

107 Sa cheathrú cuid den tríú saincheist dlí, déanann UG tagairt do mhír 241 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ónar léir gur dhíbh an Chúirt Ghinearálta don tsaincheist dlí lenar éilíodh earráid fhollasach mheasúnaithe sa mhéid gur bhain sé le cur isteach déanach na ndeimhnithe leighis do neamhláithreachtaí an 7 Bealtaine agus an 16 Meitheamh 2014 agus neamhláithreacht líomhnaithe gan chúis arna dátú an 18 Meitheamh 2014.

108 Dar le UG, d'fhonn a fhíorú an ndearnadh a cearta cosanta a urramú, níor mhór don Chúirt Ghinearálta grinnscrúdú a dhéanamh ar cibé an bhféadfadh leis an gCoimisiún cur isteach déanach na ndeimhnithe leighis agus na neamhláithreachtaí neamhúdaraithe níos mó ná 2 bhliain i ndiaidh a dteagmhais a agairt go rathúil, go háirithe mar gheall nár luadh na himeachtaí sin i dTuarascáil Mheasúnaithe UG a bunaíodh don bhliain 2014.

109 Maidir le cur isteach déanach na ndeimhnithe leighis ag UG, maíonn UG nár mhór don Choimisiún an foras sin a shonrú. I ndáil leis sin, d'aisiompaigh an Chúirt Ghinearálta an dualgas cruthúnais, i míreanna 246 agus 253 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, trí UG a chur i gcás ina bhfuil an fhianaise a iarradh beagnach dodhéanta nó thar a bheith deacair a thabhairt ar aird.

110 Leis an gcúigiú cuid den tríú saincheist dlí, maíonn UG gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta a ceart chun triail chóir a fháil, trína dhearbhú, i mír 265 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, go raibh cosc ama ar chur i gcoinne Thuarascáil Mheasúnaithe 2015.

111 Sa mhéid gur thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil mheasúnaithe a tarraingíodh suas do 2014 agus i dTuarascáil Mheasúnaithe 2015 go raibh gníomhaíocht ghairmiúil UG sásúil, ní fhéadfadh UG a bheith ag súil leis go mbeadh an Coimisiún ag brath ar na tuarascálacha sin chun údar a thabhairt lena dífhostú.

112 Maidir leis an tuarascáil mheasúnaithe arna bunú do 2016, tugann UG dá haire gur cuireadh tús leis an nós imeachta um iomarcaíocht atá i gceist fiú sula raibh an teorainn ama chun caingean a thionscnamh i ndáil leis an tuarascáil sin imithe in éag.

113 Cuireann UG i gcoinne mhír 273 den bhreithiúnas faoi achomharc freisin, ina dtagraítear don easpa rannpháirtíochta sna meithleacha a bhfuil siad ina gcomhalta díobh.

114 Ina theannta sin, sháraigh an Chúirt Ghinearálta ceart UG chun triail chóir a fháil trí aisiompú dofhrisnéise a dhéanamh, i míreanna 278 go 286 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar an dualgas cruthúnais maidir le hullmhú nuachtán Ionad Luath-Óige.

115 Maidir leis sin, bhí UG in ann a chruthú gur seoladh an nuachtán sin an 22 Eanáir 2016, ós rud é nár shroich an ríomhphost a bhain leis an seolaí go dtí an 18 Iúil 2016 mar gheall ar fhadhb ríomhaire.

116 Maidir leis an bhforas le dífhostú a bhí bunaithe ar mhainneachtain UG clár maidir le bearta oideachais a chur isteach, maíonn sí go raibh a garoifigeach uachtarach ar an eolas go raibh sé ar intinn ag UG saoire do thuismitheoirí a ghlacadh don tréimhse ó mhí Iúil go dtí mí Mheán Fómhair 2016, tráth ar iarradh an tábla sin a chur isteach. Dá réir sin, ní dhearnadh an iarraidh sin ach chun dochar a dhéanamh do UG.

117 Maíonn an Coimisiún go bhfuil an tríú saincheist dlí do-ghlactha agus, in aon chás, gan bhunús.

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais

(a) Inghlacthacht

118 Maidir leis an bpléadáil maidir le do-ghlacthacht arna tabhairt ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tríú saincheist dlí san achomharc, is leor a thabhairt faoi deara go ngearánann UG, leis an tsaincheist dlí sin, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráidí dlí. I ndáil leis sin, cuireann UG in iúl arís agus arís eile na gnéithe den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus na hargóintí dlíthiúla a cuireadh chun cinn go sonrach chun tacú leis an iarratas go gcuirfí an breithiúnas sin ar ceal.

119 Sna himthosca sin, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 51 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas go bhfuil an tríú saincheist dlí san achomharc inghlactha.

(b) Substaint an cháis

(1) An chéad chuid

120 Ní mór a mheabhrú gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 187 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, maidir le foirceannadh conartha atá ag comhalta den fhoireann shealadach nó ar conradh ar feadh tréimhse éiginnte, go bhfuil lánrogha leathan ag an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 47(c)(i) CEOS agus i gcomhréir leis an bhfógra dá bhforáiltear sa chonradh, dá bhrí sin, athbhreithniú ag Cúirteanna an Aontais a theorannú d'fhíorú nach ndearnadh aon earráid fhollasach ná mí-úsáid cumhachtaí.

121 Mar sin, ag brath ar bhreithiúnas an 19 Iúil 1955, *Kergall* v *Assemblée commune* (1/55, EU:C:1955:9, lch. 23), chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 188 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gur faoi na hinstitiúidí sin, go príomha, atá sé, measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil oifigigh agus sheirbhísigh eile institiúidí an Aontais.

122 I mír 189 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta, sa chomhthéacs sin, nach féidir earráid a cháiliú mar a bheith 'follasach' ach amháin i gcás inar féidir í a bhrath go soiléir, i bhfianaise na gcritéar a raibh sé beartaithe ag an reachtas feidhmiú a lánrogha ag an riarachán a bheith faoina réir. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don phléadáil lena n-éilítear earráid fhollasach más rud é, in ainneoin na fianaise a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh, gur féidir glacadh leis go bhfuil údar leis an measúnú atá faoi chonspóid agus go bhfuil sé comhsheasmhach.

123 I mír 190 den bhreithiúnas sin, chuir an Chúirt Ghinearálta leis sin, agus tagairt á déanamh do bhreithiúnas an 10 Meán Fómhair 2019, *HTTS* v *an Chomhairle* (C-123/18 P, EU:C:2019:694, mír 100 agus an cásdlí dá dtagraítear), go bhfuil bearta institiúidí an Aontais dleathach agus mar thoradh air sin, tá éifeachtaí dlíthiúla acu go dtí go ndéanfar iad a neamhniú nó a tharraingt siar, go neamhnítear i gcaingean le haghaidh neamhniú iad, nó go ndearbhaítear iad a bheith neamhbhailí tar éis tarchur le haghaidh breithiúnas tosaigh nó pléadáil neamhdhleathachta.

124 I ndáil leis sin, mar a meabhraíodh i míreanna 61 agus 62 den bhreithiúnas seo, chinn an Chúirt Ghinearálta, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh neamhdhleathacht an chinnidh atá faoi chonspóid ar an bhforas nárbh féidir leis an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích dátaí na saoire do thuismitheoirí arna n-iarraidh a úsáid mar a bheith ar cheann de na cúiseanna leis an dífhostú mar gheall ar neamhinniúlacht ghairmiúil, agus an chaoi go bhfuil measúnú foriomlán ar neamhinniúlacht ghairmiúil bunaithe ar roinnt cúiseanna á cur san áireamh, rud a bhí éagsúil ón bhforas sin. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nach ionann an neamhdhleathacht a aimsíodh agus neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid.

125 Ar an dara dul síos, dá gcinnfeadh an Chúirt Ghinearálta i míreanna 218, 340 agus 350 den bhreithiúnas atá faoi achomharc go raibh roinnt earráidí measúnaithe curtha ó bhail, mheas sí mar sin féin, i míreanna 360 agus 361 den bhreithiúnas sin, go gcumhdaítear roinnt forais dlí leis an gcinneadh sin, nach ndéantar a neamhdhleathacht a léiriú agus atá tábhachtach go leor chun measúnú foriomlán a dhéanamh ar an neamhinniúlacht ghairmiúil, arna déanamh ag an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

126 Sna himthosca sin, ní mór a chinneadh go bhfuil argóint UG lena n-éilítear, go bunúsach, go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí trína mheas go raibh lánrogha leathan ag an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, ar an gcéad dul síos, bunaithe ar léamh mícheart den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ós rud é gur aithin an Chúirt Ghinearálta go raibh ann d'earráidí follasacha measúnaithe arna ndéanamh nuair a glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid agus, ar an dara dul síos, nach bhféadfadh amhras a chaitheamh ar réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta sa mhéid nár léirigh UG go raibh ann d'earráidí follasacha measúnaithe lena gcuirtear an cinneadh sin ó bhail agus ar cheart go mbeadh a neamhniú mar thoradh orthu.

127 Maidir leis an gcaoi gur cháin UG an Chúirt Ghinearálta as an gcaoi nár dheonaigh an Chúirt Ghinearálta a hiarraidh na bearta fiosrúcháin is gá a ghlacadh, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, maidir leis an measúnú arna dhéanamh ag an mbreitheamh céadchéime ar na hiarratais ar bhearta eagrúcháin nós imeachta nó ar bhearta fiosrúcháin arna

dtíolacadh ag páirtí i ndíospóid, gurb í an Chúirt Ghinearálta an t-aon bhreitheamh amháin ar aon ghá cur leis an bhfaisnéis atá ar fáil di i ndáil leis na cásanna atá os a comhair. Dá bhrí sin, is faoin gCúirt Ghinearálta amháin atá sé measúnú a dhéanamh ar ábharthacht iarratais ar bheart eagrúcháin nós imeachta i gcomparáid le hábhar na n-imeachtaí agus leis an ngá atá ann dul ar aghaidh leis an iarratas sin (breithiúnas an 12 Samhain 2020, *Fleig* v *SEGS*, C-446/19 P, EU:C:2020:918, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

128 Maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an fhianaise a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Céadchéime fianaiseach, is ceist í a bhaineann lena measúnú ar na fíorais, nach bhfuil faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc, ach amháin i gcás shaobhadh na fianaise a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Céadchéime nó inar léir míchruinneas substainteach na gcinntí a rinne an Chúirt Chéadchéime ó na doiciméid sa chomhad (breithiúnas an 12 Samhain 2020, *Fleig* v *SEGS*, C-446/19 P, EU:C:2020:918, mír 54).

129 Sa chás seo, sa mhéid go ndearna an Chúirt Ghinearálta tagairt, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, do ghnéithe iomadúla den chomhad a tugadh os a comhair, agus nár shoiléirigh UG, sa chéad chuid den tríú saincheist dlí, conas a rinne an Chúirt Ghinearálta saobhadh maidir leis an bhfianaise ná na cúiseanna go raibh na cinntí a rinne sí mícheart ó thaobh ábhair de, ní mór diúltú don argóint sin toisc í a bheith do-ghlactha.

130 Maidir le fad na n-imeachtaí os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, ba cheart a mheabhrú, cé go bhféadfadh sé go n-eascródh éileamh ar dhamáistí as mainneachtain breith a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnach ama trí chaingean arna tabhairt ag an iarratasóir i gcoinne an Aontais faoi fhorálacha comhcheangailte Airteagal 268 CFAE agus an dara mír d'Airteagal 340 CFAE, ní féidir, áfach, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal in éagmais aon léiriú go mbeadh tionchar ag fad na n-imeachtaí ar thoradh na díospóide (Ordú an 29 Meán Fómhair 2022, *CX* v *an Coimisiún*, C-71/22 P, EU:C:2022:745, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

131 Dá bhrí sin, in éagmais aon fhianaise lena bhféadfaí a shuíomh go raibh tionchar ag fad na n-imeachtaí ar thoradh na díospóide atá i gceist, ní féidir an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal mar thoradh ar an ngearán lena líomhnaítear sárú ar an oibleagáid breith a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnach ama agus ní mór, dá bhrí sin, diúltú dó toisc é a bheith do-ghlactha.

132 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad chuid den tríú saincheist dlí toisc go bhfuil sí gan bhunús i bpáirt agus do-ghlactha i bpáirt.

(2) An dara cuid

133 I mír 68 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, mheas an Chúirt Ghinearálta, gur cinnte go bhféadfadh sé go raibh an tréimhse 8 lá oibre a tugadh do UG chun a barúlacha a thabhairt maidir le litir an 8 Meán Fómhair 2016 a bheith gearr maidir le tromchúis na n-iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag foirceannadh an chonartha ar a cás pearsanta. Mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, áfach, go ndearna UG tagairt do na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid agus go ndearna an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích a chur san áireamh, mar a léirítear leis an ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid.

134 I mír 69 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta, cé go gceanglaítear le hurramú an chirt chun éisteacht a fháil go gceadaíonn institiúidí an Aontais don duine lena mbaineann gníomh a dhéanann dochar dó nó di a dhearcadh nó a dearcadh a chur in iúl go héifeachtach, nach féidir leis, áfach, a cheangal ar na hinstitiúidí sin aontú leis.

135 I mír 70 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dúirt an Chúirt Ghinearálta freisin go ndearna UG gearán faoin gcaoi nár iarr an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a chur i gcrích uirthi doiciméid bhreise a sholáthar, tar éis dó a barúlacha i scríbhinn arna ndátú an 30 Meán Fómhair 2016 a fháil. Chinn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, go raibh sé de rogha ag UG na doiciméid sin a chur ar fáil idir an 30 Meán Fómhair agus 17 Deireadh Fómhair 2016, dáta ghlactha an chinnidh atá faoi chonspóid agus, ar an dara dul síos, nár léirigh UG cineál ná cuspóir na ndoiciméad breise sin nach raibh an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích ar an eolas fúthu, agus mar thoradh air sin nár suíodh go bhféadfadh tabhairt ar aird na ndoiciméad sin tionchar cinntitheach a imirt ar bhrí an chinnidh atá faoi chonspóid.

136 I mír 71 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta gur tugadh an deis do UG a tuairimí a chur in iúl go héifeachtach maidir le fírinne agus ábharthacht na bhfíoras agus na n-imthosca ar ar a mbonn a ghlac an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an cinneadh sin.

137 Ar an gcéad dul síos, ní thagann an tsaincheist dlí lena n-éilítear sárú ar na cearta chun cosanta le hargóint lena dtaispeántar go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus, ar an dara dul síos, ní cosúil gur ionann an chonclúid arna leagan amach ag an gCúirt Ghinearálta i mír 71 den bhreithiúnas atá faoi achomharc agus saobhadh na fianaise fíorasaí arna scrúdú ag an gCúirt Ghinearálta (féach, de réir análaí, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2022, K*N* v *CESE*, C-673/21 P, EU:C:2022:759, mír 103).

138 Dá bhrí sin, ní mór an dara cuid den tríú saincheist dlí a dhiúltú toisc í a bheith gan bhunús.

(3) An tríú cuid

139 I mír 36 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta nach mór sa ráiteas ar chúiseanna maidir le gníomhartha institiúidí an Aontais, a cheanglaítear le hAirteagal 296 CFAE agus le hAirteagal 41(2)(c) den Chairt, a oiriúnú do chineál na cúise atá i gceist agus nach mór dóibh réasúnaíocht na hinstitiúide, údar an ghnímh, a thaispeáint go soiléir agus gan aon éideimhne, sa chaoi is go mbeadh a fhios ag na páirtithe leasmhara na cúiseanna atá leis an mbeart a glacadh agus go bhféadfadh an chúirt inniúil a rialú a fheidhmiú. Braitheann na ceanglais atá le comhlíonadh leis an ráiteas ar chúiseanna ar imthosca uile an cháis, go háirithe inneachar an ghnímh atá i gceist, cineál na gcúiseanna a tugadh agus an leas a d'fhéadfadh a bheith ag seolaithe an ghnímh, nó ag daoine eile a bhfuil baint dhíreach nó aonair acu leis, ann ó thaobh mínithe a fháil. Ní cheanglaítear go sonrófar sa ráiteas cúiseanna na hábhair fíorais agus dlí go léir atá ábhartha, ós rud é nach mór an cheist an gcomhlíonann an ráiteas cúiseanna le haghaidh gnímh ceanglais Airteagal 296 CFAE a mheasúnú, ní hamháin i bhfianaise a fhoclaíochta, ach a chomhthéacs freisin agus na rialacha dlíthiúla go léir a rialaíonn an t-ábhar lena mbaineann (féach breithiúnas an 11 Meitheamh 2020, *an Coimisiún* v *Di Bernardo*, C-114/19 P, EU:C:2020:457, míreanna 29 agus 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

140 Tar éis scrúdú a dhéanamh, i míreanna 38 go 47 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar na gnéithe fíorasacha éagsúla a cuireadh san áireamh sa chinneadh atá faoi chonspóid agus ar an réasúnaíocht a glacadh sa chinneadh sin, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid, i mír 48 den bhreithiúnas sin, gur leagadh amach leis an gcinneadh sin, a rinneadh i gcomhthéacs atá ar eolas ag UG, na breithnithe dlíthiúla agus líon leordhóthanach fíoras araon a raibh tábhacht bhunúsach leo i gcomhthéacs an chinnidh sin agus a chuir ar chumas UG measúnú a dhéanamh ar a fhiúntas agus ar a dhlíthiúlacht.

141 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, murab ionann agus an méid a mhaíonn UG, go ndearna an Chúirt Ghinearálta na ceanglais a léiriú i gceart, mar a bunaíodh le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, go háirithe na cinn dá dtagraítear i mír 139 den bhreithiúnas seo, maidir leis an ráiteas ar chúiseanna maidir le gníomhartha institiúidí an Aontais.

142 Mar sin féin, ní mór diúltú d'argóint UG maidir le leibhéal mionsonraithe an ráitis ar chúiseanna maidir le gníomhartha institiúidí an Aontais, toisc í a bheith gan bhunús.

143 Maidir leis na hargóintí arna maíomh ag UG mar chuid den tríú cuid den tríú saincheist dlí, a bhain le hathbhreithniú ar bhunús na réasúnaíochta is bonn leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, is leor a chinneadh, gur iarr UG, leis an argóint sin, i ndáiríre, ar an gCúirt athscrúdú a dhéanamh ar an measúnú fíorasach arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta agus nach mór, dá réir sin, iad a dhiúltú toisc iad a bheith do-ghlactha.

144 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don tríú cuid den tríú saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús, i bpáirt agus do-ghlactha, i bpáirt.

(4) An ceathrú cuid

145 Baineann an ceathrú cuid den tríú saincheist dlí le hathbhreithniú, arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta, ar an gcúis atá leis an gcinneadh atá faoi chonspóid maidir leis na neamhláithreachtaí de chuid UG a maíodh a bheith neamhúdaraithe.

146 I mír 240 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, chinn an Chúirt Ghinearálta, cé go maíonn UG gur chuir sí deimhniú leighis isteach i gcónaí i gcás neamhláithreachta ar chúiseanna sláinte, ní thugann sí an chúis ar a neamhláithreacht ón obair an 18 Meitheamh 2014 agus ní thagraíonn sí d'aon doiciméad a ghabhann leis an gcomhad lena bhféadfadh bunús a thabhairt don neamhláithreacht sin.

147 Chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 241 den bhreithiúnas sin, nach bhféadfadh argóint UG amhras a chaitheamh ar an gcinneadh maidir lena neamhláithreacht neamhúdaraithe arna dátú an 18 Meitheamh 2014 a bheith ann, sa mhéid nach mór an tsaincheist dlí a leagadh amach san iarratas sin, a bhí dírithe i gcoinne na cúise a leagtar amach ar leathanach 2(d) de litir an 8 Meán Fómhair 2016, a dhiúltú toisc í a bheith gan bhunús.

148 Maidir le míreanna 246 agus 253 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, dá dtagraíonn UG ina hachomharc, is leor a mheabhrú gur chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 244 den bhreithiúnas sin, nár thug UG an gearán isteach, i gcomhréir le hAirteagal 91(2) de na Rialacháin Foirne, i gcoinne chinneadh an 1 Meitheamh 2016 lenar mheas an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích go raibh neamhláithreachtaí an 30 agus an 31 Bealtaine 2016 gan bhunús.

149 I mír 245 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, dar leis an gCúirt Ghinearálta nach maíonn UG aon fhíoras nua ná suntasach lena dtabharfadh údar d'athscrúdú ar dhlíthiúlacht an chinnidh sin.

150 Mar thoradh air sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 246 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go raibh argóint UG ag iarraidh agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin go hindíreach do-ghlactha a mhéid a d'fhéach sí le gníomh a tháinig chun bheith cinntitheach a thabhairt faoi cheist.

151 Maidir le mír 253 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, a bhaineann leis an bhforas leis an gcinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar neamhláithreachtaí an 7 Bealtaine agus an 16 Meitheamh 2014, ní mór a mheabhrú gur mheas an Chúirt Ghinearálta, sa mhír sin, nár bhunaigh UG ná nár mhaígh sí gur chuir sí na deimhnithe a bhí ag teastáil chun a staid riaracháin a thabhairt chun rialtachta laistigh de thréimhse ghearr ama i bhfianaise an sprioc-ama a forchuireadh uirthi.

152 Leis na hargóintí arna dtabhairt maidir leis an gceathrú cuid den tríú saincheist dlí, féachann UG, i ndáiríre, le athscrúdú a fháil ón gCúirt ar na measúnuithe arna ndéanamh ag an gCúirt Ghinearálta faoi na míreanna a leagadh amach i míreanna 146 à 151 den bhreithiúnas seo.

153 Leanann sé ón méid sin nach mór an chuid sin a dhiúltú toisc í a bheith do-ghlactha.

(5) An cúigiú cuid

154 San athbhreithniú ar an bpléadáil do-ghlacthachta arna tabhairt ag an gCoimisiún, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 263 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, lena hargóint arna forbairt i gcomhthéacs an dara go dtí an cúigiú gearán den tríú cuid den cheathrú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach mheasúnaithe agus earráidí fíorais lena gcuirtear an foras a bhaineann le rannpháirtíocht an iarratasóra ina cuid oibre ar neamhní, mar a leagtar amach os comhair na Cúirte Ginearálta, gur fhéach UG le hábhar an mheasúnaithe cháilíochtúil a bhaineann le héifeachtacht an achomharcóra, a chomhfhreagraíonn do mhír 3.1 de Thuarascáil Mheasúnaithe 2015, agus, dá bhrí sin, de Thuarascáil Mheasúnaithe 2015, a thabhairt faoi cheist.

155 I mír 264 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, mar sin féin, go bhfuair UG fógra faoi Thuarascáil Mheasúnaithe 2015 agus nár chuir sí i gcoinne na tuarascála sin laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Airteagail 90 agus 91 de na Rialacháin Foirne, agus mar thoradh air sin gur tuarascáil chríochnaitheach a bhí sa tuarascáil sin agus sna measúnuithe a bhí inti.

156 I mír 265 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, chuir an Chúirt Ghinearálta leis nár mhaígh UG go raibh ann d'aon eilimint nua ná shuntasach d'fhonn a bhunú nach raibh cosc ama uirthi cur i gcoinne Thuarascáil Mheasúnaithe 2015.

157 I mír 266 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, sna himthosca sin, nach bhféadfadh le UG cur i gcoinne Thuarascáil Mheasúnaithe 2015 go teagmhasach sa nós imeachta um athbhreithniú a díríodh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid, a raibh ról ullmhúcháin ag an tuarascáil sin ina leith.

158 I ndáil leis sin, ní mór a chinneadh go raibh an ceart ag an gCúirt Ghinearálta a chinneadh gur éirigh Tuarascáil Mheasúnaithe 2015 a bheith críochnaitheach in éagmais caingean arna tionscnamh laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear in Airteagail 90 agus 91 de na Rialacháin

Foirne agus mar sin go raibh UG gan bhunús a mhaíomh gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na rialacha nós imeachta agus go ndearna sí an comhad a shaobhadh trína chinneadh nach féidir cur i gcoinne na tuarascála sin go teagmhasach, sa chaingean a tugadh os a comhair (féach, de réir análaí, breithiúnas an 24 Meitheamh 2021, *WD* v *EFSA*, C-167/20 P, EU:C:2021:516, míreanna 39 agus 40).

159 Maidir le míreanna 278 go 286 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, a dhéanann UG gearán faoi as aisiompú dofhrisnéise a dhéanamh ar an dualgas cruthúnais, is leor a mheabhrú go ndearna an Chúirt Ghinearálta grinnscrúdú, sna míreanna sin, ar na gnéithe fíorasacha arna maíomh ag UG ina hiarratas agus lenar chuir sí i gcoinne na measúnuithe fíorasacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid.

160 I mír 286 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta nár chuir UG aon fhianaise ar aghaidh a d'fhéadfadh an fhianaise a thíolaic an Coimisiún a chur ó bhail, ar dá réir a sheol sé dréacht-nuachtán Nollag 2015 chuig comhaltaí na Meithle 'Journal du CPE', d'fhonn í a bhailíochtú, go dtí an 18 Iúil 2016.

161 I ndáiríre, is ionann argóint UG arna forbairt i ndáil leis sin sa chúigiú cuid den tríú foras achomhairc agus agóid i gcoinne na measúnuithe fíorasacha arna gcur i gcrích ag an gCúirt Ghinearálta agus, mar sin, ní mór iad a dhiúltú toisc iad a bheith do-ghlactha.

162 Is amhlaidh atá i gcás na n-argóintí eile a chuir UG chun cinn i gcomhthéacs na coda sin den tríú saincheist dlí.

163 Dá bhrí sin, ní mór an cúigiú cuid den tríú saincheist dlí a dhíbhe toisc í a bheith, de pháirt amháin, gan bhunús agus, de pháirt eile, do-ghlactha, agus dá thoradh sin, ní mór an tríú saincheist dlí a dhiúltú ina hiomláine.

D. An ceathrú saincheist dlí

1. Argóintí na bpáirtithe

164 Leis an gceathrú foras dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta, maíonn UG, go bunúsach, d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar chineál comhréireach a dífhostaithe, go raibh ar an gCúirt Ghinearálta an chaoi gurbh í saoire do thuismitheoirí de chuid UG a spreag an dífhostú sin, go raibh feidhmeanna ceardchumainn aici agus nár cuireadh í faoi réir aon phionós, ós rud é gur mionsáruithe iad na sáruithe gairmiúla a rabhthas ag brath orthu sa chinneadh atá faoi chonspóid.

165 Measann an Coimisiún gur cheart diúltú don cheathrú saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús. Cuireann an institiúid sin leis sin go bhfuil an tsaincheist dlí sin do-ghlactha chomh maith sa mhéid nach bhfuil sé de chuspóir aici ach athmheasúnú a fháil ar na hargóintí a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta cheana féin.

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais

166 Ní mór a mheabhrú, i mír 351 go 381 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, go ndearna an Chúirt Ghinearálta grinnscrúdú ar an gcinneadh atá faoi chonspóid agus gur chinn sí, trína glacadh, nach ndearna an Coimisiún earráid fhollasach mheasúnaithe.

167 Ina fhianaise sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i míreanna 385 agus 386 den bhreithiúnas sin, sa mhéid nach raibh aon earráid fhollasach mheasúnaithe ag baint leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, go raibh an ceart aici conradh ar feadh tréimhse éiginnte de chuid UG a fhoirceannadh agus, mar sin féin, nach ndearnadh aon sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

168 I gcomhthéacs an cheathrú foras dá achomharc, ní chuireann UG aon argóint chun cinn a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar mheasúnú dlíthiúil sin na Cúirte Ginearálta.

169 Sna himthosca sin, ní mór an tsaincheist sin a dhiúltú toisc í a bheith gan bhunús.

E. An t-iarratas chun cúiteamh a ghnóthú

1. Argóintí na bpáirtithe

170 Maíonn UG gur thug sé comhaontú cairdiúil i gcrích leis an gCoimisiún maidir le cúiteamh dá damáiste ábhartha. I gcás ina mbeadh an comhaontú sin in éag mar thoradh ar an mbreithiúnas achomhairc, iarrann UG go ndéanfaí EUR 68 000 a leithdháileadh uirthi *ex æquo et bono* mar chúiteamh as an damáiste ábhartha a rinneadh di.

171 Thairis sin, iarrann UG go dtabharfaí EUR 40 000 di mar chúiteamh don damáiste neamhábhartha. Dhéanfaí an tsuim sin a shocrú i ndáil leis an anacair mheabhrach a rinneadh uirthi mar thoradh ar a dífhostú, a n-éilítear a bheith neamhdhleathach.

172 I ndáil leis sin, ba cheart bochtaineacht agus rófhéichiúnas UG a chur san áireamh mar thoradh ar a dífhostú.

173 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóint UG.

2. Measúnú na Cúirte Breithiúnais

174 Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta, mar thaca lena héileamh, maidir le cúiteamh as a damáiste ábhartha agus neamhábhartha, nár bhraith UG ar shaincheisteanna dlí maidir le neamhdhleathacht, a bhí éagsúil leis na cinn a leag sí amach mar thaca lena h-éileamh go gcuirfí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní. Sna himthosca sin agus ós rud é gur diúltaíodh don éileamh le haghaidh neamhniú toisc é a bheith gan bhunús, chinn an Chúirt Ghinearálta gur cheart diúltú do na héilimh ar dhamáistí freisin.

175 I ndáil leis sin, sa mhéid gur diúltaíodh do na saincheisteanna dlí go léir a ardaíodh mar thaca leis an achomharc, i gcás nach gcuirtear an breithiúnas atá faoi achomharc ar neamhní dá bhrí sin, ní mór diúltú freisin d'argóintí UG lena lorgaítear cúiteamh as an damáiste a rinneadh.

176 Sna himthosca sin, ní mór an t-achomharc a dhiúltú ina iomláine.

Costais

177 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, a bhfuil feidhm aige maidir le hachomhairc de bhua Airteagal 184(1) den Rialachán sin, ní mór a ordú don pháirtí nár éirigh lena chuid foras na costais a íoc, más rud é go ndearna an páirtí eile é sin a iarraidh.

178 Ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag an gCoimisiún go n-íocfaidh UG as na costais agus nár éirigh léi in aon cheann de na saincheisteanna dlí arna maíomh, ní mór a ordú di, chomh maith lena costais féin, na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún a íoc.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra):

1. **Déantar an t-achomharc a dhiúltú.**

2. **Ordaítear do UG a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.**

Sínithe